

**An Ról:** Bainisteoir na gConarthaí Oibríochtaí  
**Réimse:** Oibríochtaí Sócmhainní  
**Fo-réimse:** Bainistíocht Oibriúcháin Tráchtála agus Conarthaí  
**Láthair:** Baile Átha Cliath (Réigiún an Oirthir)  
**Fad:** Sainchuspóir  
**Tuarastal:** Grád D (€55,937 - €83,905)



**Uimhir Thagartha:** 8AOUET22

---

Is é Uisce Éireann fóntas náisiúnta rialaithe uisce na hÉireann, agus tá sé freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil ar fud na hÉireann. Is é ár misean ná cinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí uile soláthar uisce óil sábháilte iontaofa slán agus go ndéantar a bhfuíolluisce a bhailiú agus a chur ar ais sa chomhshaol. Cosnóimid sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann, cosnóimid an comhshaol inár ngníomhaíochtaí uile agus tacóimid le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann trí infheistíocht chuí a dhéanamh i seirbhísí uisce.

## **An Ról:**

---

Tá an Fhoireann Bainistíochta Oibriúcháin Tráchtála agus Conarthaí, laistigh d'fheidhm Oibríochtaí Sócmhainní Uisce Éireann, freagrach as gach gníomhaíocht conartha oibriúcháin laistigh d'Uisce Éireann, lena n-áirítear Earraí agus Seirbhísí, Dear-Tóg-Oibrigh (DTO) agus Comhaontú Seirbhíse (CAS). Áirítear leis an sainchúram bainistíocht foriomlán ar bhuiséid, forbairt chumais na feidhme de réir mar a fhásann Uisce Éireann, agus feidhmiú oibríochtaí laistigh den réimse seo.

Leantar le seachadadh go leor oibleagáidí de chuid Uisce Éireann trí pháirtithe seachtracha, trí chonarthaí agus trí chreat-chomhaontuithe. Cinnteoidh Foireann Bainistíochta na gConarthaí Oibríochtaí go bhfuil Uisce Éireann ag baint amach a thorthaí oibriúcháin inmhianaithe tríd na socruithe seo.

Ag tuairisciú do Cheannaire Bainistíochta na gConarthaí Oibriúcháin, beidh Bainisteoir na gConarthaí Oibríochtaí freagrach as seachadadh conarthaí agus feidhmíocht an díoltóra a bhainistiú maidir le creataí oibriúcháin atá i bhfeidhm faoi láthair agus a bheidh i bhfeidhm amach anseo amhail Sloda, Seirbhísí Saotharlainne, Ceimiceáin, Ábhair agus Comhiomláin chomh maith le conarthaí eile nuair is cuí.

## **Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:**

---

- Freagrach as seachadadh conarthaí agus feidhmíocht díoltóirí a bhainistiú thar chreataí oibríochtaí sócmhainní ábhartha
- Tacaíocht tráchtála a sholáthar do Cheannaire Bainistíochta na gConarthaí Oibriúcháin maidir le creataí oibríochtaí sócmhainní ábhartha a bhainistiú agus comhairle a sholáthar ar éilimh
- Freagrach as idirchaidreamh le gach ceann de na réimsí feidhme Oibríochtaí Sócmhainní, chomh maith le réimsí eile in UÉ, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna conraitheora a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus iad a réiteach
- Freagrach as caidrimh a chothú agus a chothabháil le conraitheoirí creata trí athbhreithnithe gnó ráithiúla lena chinntiú go bhfuil Uisce Éireann ag fáil luach ar airgead agus seirbhís chustaiméara den scoth

- Freagrach as anailís a dhéanamh ar threochtaí agus as tuairisciú ar phríomhthorthaí agus ag obair go dlúth le Seirbhísí Gnó agus Oibríochtaí Réigiúnacha ag an am céanna chun dul i ngleic le haon saincheist chonartha, feidhmíochta nó tráchtála
- Freagrach as cur le tionscnaimh agus iad a threorú chun feabhas a chur ar bhainistíocht feidhmíochta conarthaí, lena n-áirítear córais agus próisis
- Freagrach as cultúr a fhorbairt, a bhunú agus a chothabháil a chomhlíonann cuspóirí UÉ, go háirithe maidir le SSCT, buiséid, feidhmíocht agus seirbhís do chustaiméirí.
- Freagrach as monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar PTFanna le haghaidh próisis a bhfuil úinéireacht acu orthu - PTFanna maidir le soláthraithe/conraitheoraí a athbhreithniú agus a nuashonrú chun feidhmíocht a mheasúnú agus a bhainistiú
- Freagrach as comhlíonadh próiseas a chinntiú maidir le cloí le pleananna, beartais agus nósanna imeachta SSCT agus rialachas corparáideach
- Aon dualgas eile a dhéanamh a mheastar a bheith riachtanach agus/nó de dhíth a d'fhéadfadh Ceannaire Bainistíochta na gConarthaí Oibríocháin a iarraidh go réasúnta

### **Eolas, Scileanna agus Taithí:**

---

- Tá cáilíocht ábhartha tríú leibhéal, m.sh. Céim Baitsiléara ábhartha i Riarachán Gnó, Innealtóireacht, Airgeadas, Suirbhéireacht Chainníochta nó réimse gaolmhar, riachtanach
- Taithí 5 bliana ar a laghad ag obair le comhaontuithe conartha móra laistigh d'eagraíocht mhór, agus eolas maith ar chonarthaí tráchtála
- Eolas oibríocháin ar mhodheolaíochtaí na ngléasraí maidir le cóireáil uisce agus fuíolluisce
- Tá taithí ábhartha sa tionscal uisce nó i dtionscal na bhfóntas inmhianaithe
- Léiriú ar éachtaí Tráchtála le linn na gairme, lena n-áirítear samplaí d'éifeachtúlachtaí agus barrfheabhsú
- Dírithe ar an tráchtáil le cumas measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar dhoiciméid chonartha, agus ardleibhéal feasachta faoin dlí a chothabháil ag an am céanna
- Taithí ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil le geallsealbhóirí
- Scileanna cumarsáide den scoth
- Cumas cláir, beartais agus tionscnaimh éifeachtúlachta oibríocháin a mheasúnú agus a chur i gcrích

**Ba cheart iarratais, lena n-áirítear an Curriculum Vitae reatha, a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh seo a leanas ag lua teideal an phoist agus an uimhir thagartha i líne ábhair do ríomhphoist: [uiscecareers@water.ie](mailto:uiscecareers@water.ie)**

Is é an **5 Nollaig 2022** an dáta deiridh chun d'iarratas a chur isteach ar an bhfolúntas seo. Tabhair faoi deara nach nglacfar le haon iarratas a chuirtear isteach tar éis an dáta deiridh seo.

**Is fostóir comhdheiseanna é Uisce Éireann.**

***Táimid tiomanta d'ionad oibre éagsúil agus cuimsitheach a chur ar fáil agus tá straitéis agus creat láidir againn ar a dtugtar ibelong chun é seo a chumasú. Is fostóir comhdheiseanna sinn agus trínár bpróiseas earcaíochta fáiltimid roimh agus spreagaimid iarratais ó dhaoine a bhfuil suim acu agus atá cáilithe go cuí, pé inscne, aois, cine ná cúlra eitneach atá acu, más baill de phobal an lucht siúil iad, pé reiligiún ná creideamh, stádas teaghlaigh ná sibhialta, claonadh gnéis/féiniúlacht ghnéis ná míchumas atá acu.***